

CEARDCHUMAINN 101

Lámhleabhar



A chairde,

Mar mhúinteoirí, spreagaimid agus cothaímid grá don fhoghlaím inár ndaltaí. Mar cheardchumannaithe is múinteoirí, gabhaimid buíochas mór le gluaiseacht an lucht oibre in Éirinn as na gnóthachain atá bainte amach thar ceann oibrithe in imeacht na mblianta. An tionscadal seo, *Ceardchumann 101*, comhcheanglaíonn sé coincheapa oideolaíocha agus idé-eolaíocha araon, agus tugaimid cuireadh duit do dhaltaí a threorú trí chúlra ár staire comhchoitinne, agus béim á leagan ar an streachailt ar son na gceart oibrithe atá againn inniu, ar íocadh go daor astu, agus ar oidhreacht na gceart sin.

Más mian linn spiorad an cheardchumannachais a mhúscailt, tá sé rithábhachtach ár luachanna ceardchumann, mar atá, an comhionannas, an chothroime, agus an ceartas, a chur ar aghaidh chuig an nglúin óg inár scoileanna. Níl sé riamh ró-luath tús a chur leis an bhfoghlaím sin, tús a chur le barr feabhais a chur ar scileanna idirbheartaíochta, agus réiteach coinbhleachta a chleachtadh d'fhonn teacht ar thoradh sásúil le haghaidh gach páirtí. Is scileanna riachtanacha iad sin a rachaidh chun tairbhe leanaí agus iad ar a mbealach tríd an saol agus féadfaidh tusa, mar mhúinteoir, iad a spreagadh agus spéis a mhúscailt iontu i stair na gceardchumann sa seomra ranga, agus úsáid á baint as na hacmhainní tarraingteacha seo atá curtha in oiriúint againn do dhaltaí Ranganna 5 agus 6 agus do dhaltaí Bhunscoil 7/Bhliain 8 ó thuaidh.

Tá súil againn go rachaidh na ceachtanna i bhfeidhm ar an intinn óg go daingean agus go buan, agus go spreagfaidh na hidéil a d'fhoghlaím na leanaí mothú ceartais sna daltaí, a rachaidh chun tairbhe dóibh ar feadh a saoil oibre féin amach anseo. Le himeacht ama, bláthóidh agus fásfaidh an tuiscint seo ar cheart agus mícheart iontu nó go mbeidh sí ina mian bhunúsach chun daoine eile a chosaint agus chun an fód a sheasamh i gcoinne na n-éagóracha a fheicimid sa tsochaí. Is fúinn uile atá sé a chinntiú go n-oibreimid le chéile i dtreo sochaí níos córa agus níos cothroime do chách.

Ní neart go cur le chéile.



Seán Ó Baoill

Runaí Ginearálta



Ceardchumann 101: Réamheolas

Chun Lá Bealtaine a chomóradh, atá ina lá idirnáisiúnta chun comóradh a dhéanamh ar streachailt stairiúil na n-oibrithe agus ar na gnóthachain a rinneadh trí ghluaiseacht an lucht oibre, tá sraith pleananna ceachta tarraingteacha deartha ag Cumann Múinteoirí Éireann ar a dtugtar *Ceardchumann 101*. Níl na pleananna ceachta sin íogair ó thaobh ama de, ná teoranta lena n-úsáid timpeall ar Lá Bealtaine, agus is féidir iad a úsáid ag céim ar bith den scoilbhliain.

Tá súil againn go gcuirfidh na ceachtanna sin bonn eolais faoi fhoghlaim leanaí agus go spreagfaidh siad iad, ionas go mbeidh tuiscint láidir acu ar luachanna agus ar bhuntáistí bhallraíocht na gceardchumann agus ar obair thábhachtach na gceardchumann agus iad ag troid ar son domhan níos córa agus níos cothroime do chách.

Pacáiste Digiteach

Tugaimid cuireadh duit do rang a mhúineadh faoi stair na gceardchumann in Éirinn trí úsáid a bhaint as pacáiste digiteach, atá ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon agus atá dírithe ar dhaltaí Ranganna 5 agus 6, agus ar dhaltai Bhunscoil 7/Bhliain 8 ó thuaidh.

Tá an pacáiste digiteach roinnte ina chúig leathanach ceachta atá ar fáil trí *Mhol Ceardchumann 101* ar ár suíomh gréasáin: <https://bit.ly/TradeUnions101>.

Áirítear i ngach leathanach ceachta:

- Leabhrán Pleananna Ceachta PDF, ina bhfuil an t-eolas ar fad a theastaíonn uait le haghaidh gach ceachta, lena n-áirítear: sonraí snáithe, nótaí acmhainne, buntreoir don cheacht, gníomhaíochtaí, measúnuithe, tuilleadh eolais agus (nuair is ábhartha) cóip d'fhonótaí sleamhnán Powerpoint.
- Cur i láthair PowerPoint, mar aon le fonótaí teagaisc chun cabhrú le baill a threorú trí na téamaí éagsúla.
- Dáileáin agus cás-staidéir chun plé, rólghlacadh agus obair ghrúpa a éascú.
- Acmhainní agus físeáin éagsúla, lena n-áirítear teachtaireacht ó Patricia King, Ard-Rúnaí Chomhdháil na gCeardchumann, ina míníonn sí i dtéarmaí simplí obair rithábhachtach na gceardchumann.

Soláthraítear sonraí sainiúla le haghaidh gach ceachta agus naisc dhíreacha chuig gach ceann de na cúig cheacht sa ghreille ar leathanach 3.



Léargas ginearálta/seicliosta

CEACHT	ÁBHAR	GNÍOMHAÍOCHTAÍ	ACMHAINNÍ
Ceacht 1 <i>Tús eolais ar Cheardchumann</i>  My name is Patricia King and I am the General Secretary of the Irish Congress of Trade Unions.	- Plé ar an téarma 'Ceardchumann' - Forléargas ar obair agus ar chuspóir Ceardchumann - An téarmaíocht a bhaineann le ceardchumann a phlé - CMÉ mar shampla de cheardchumann Éireannach	- Plé ranga uile - Obair bheirte/ghrúpa - Tasc scríofa aonair	Gach ábhar ar fáil anseo. Ar fáil ón Mol Acmhainní: - Plean Ceachta. - Cur i láthair <i>PowerPoint:</i> <i>Tús eolais ar Cheardchumann</i> - Gearrthóg físe - Patricia King, Ard-Rúnaí, Comhdháil na gCeardchumann Acmhainní breise/úsáideacha: - Iris <i>InTouch</i> - Suíomh gréasáin CMÉ: www.into.ie - Clár bán agus marcóir/smeach-chairt - Luaschártaí
Ceacht 2 <i>Buntáistí ballraíochta i gCeardchumann</i>  CEACHT 2 Buntáistí Bhallaíochta i gCeardchumann	- Súil Siar ar Cheacht 1 - Na buntáistí a bhaineann le dul isteach i gCeardchumann a fhiosrú - Tuilleadh plé ar obair Cheardchumann	- Plé ranga uile - Obair ghrúpa (cás-staidéir) - Gníomhaíocht Scríofa Litreach	Gach ábhar ar fáil anseo. Ar fáil ón Mol Acmhainní: - Plean Ceachta. - Cur i láthair <i>PowerPoint:</i> <i>Buntáistí ballraíochta i gCeardchumann</i> - Cás-Staidéir Acmhainní breise/úsáideacha: - Clár bán agus marcóir/smeach-chairt - Luaschártaí



Ceacht 3

Ceardchumann na hÉireann – an 20ú hAois luath



- Súil Siar ar Cheacht 2
- An saol in Éirinn sna 1900idí a fhiosrú - dálaí maireachtála, tithíocht, poist, dálaí oibre
- Comparáid agus codarsnacht leis an saol inniu

- Plé ranga uile
- Obair ghrúpa
- Tasc scríofa aonair
- Tosaigh cairt **ETF** (an tEolas atá againn faoin ábhar, an t-eolas a Theastaíonn uainn faoin ábhar agus rud nua atá Foghlamtha againn) agus tabhair céimeanna 1 agus 2 chun críche eolas againn, cad atá tuillte againn **L**) agus cuir i gcrích céim 1 agus 2

Gach ábhar ar fáil [anseo](#). Ar fáil ón Mol Acmhainní:


- Plean Ceachta.
- Cur i láthair PowerPoint: *Ceardchumann na hÉireann – Luath sa 20ú hAois*
- Grianghraif de Bhaile Átha Cliath ag deireadh na 1800idí agus go luath sna 1900idí le haghaidh obair ghrúpa

Acmhainní breise/úsáideacha:

- Nótaí *Post-it*, páipéar A2, cárta daite nó bán

Ceacht 4

Jim Larkin agus Frithdhúnadh 1913



- Súil siar ar Cheacht 3 agus ar chéimeanna ETF
- Cás-Staidéar: *Jim Larkin agus Frithdhúnadh 1913*
- Alt Nuachtáin - Léamh agus plé

- Plé ranga uile
- Físeán
- Léamhthuiscint – grúpa/daoine aonair


Gach ábhar ar fáil [anseo](#). Ar fáil ón Mol Acmhainní:

- Plean Ceachta.
- Cur i láthair PowerPoint: *Jim Larkin agus Frithdhúnadh 1913*
- Alt Nuachtáin: *Tuairisceoir Cathrach*
- Físeán: [The Lockout Special, RTÉ Nationwide](#)



Ceacht 5

Gluaiseacht na gCeardchumann in Éirinn sa Nua-Aois



- Súil siar ar stór focal ábhartha ó cheachtanna roimhe seo
- Ceardchumann éagsúla a aithint óna n-ainm/lógó
- An dul chun cinn atá déanta ag ceardchumann ó tharla Frithdhúnadh 1913 a fhiosrú
- Gníomhaíocht Rólghlactha – Glacann leanaí páirt sa chaibidlíocht mar oifigigh ceardchumann nó mar bhainistíocht ospidéal
- Plé ranga uile
- Obair ghrúpa
- Rólghlacadh
- Tabhair an chairt ETF chun críche (a bhfuil Foghlamtha againn)

Gach ábhar ar fáil anseo.
Ar fáil ón Mol Acmhainní:

- Plean Ceachta.
- Cur i láthair PowerPoint - *Gluaiseacht na gCeardchumann in Éirinn sa Nua-Aois*
- Leideanna le 'caibidlíocht' a dhéanamh

Acmhainní breise/úsáideacha:

- Cairt ETF
- Clár bán agus marcóir / smeach-chairt
- Luascháirte